**Cuntas Leithreasa 2015**

# Vóta 12

# Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 12, tá sé de dhualgas orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 do phinsin, aoisliúntas, gortuithe ceirde, agus aiscí agus liúntais bhreise agus eile faoi na hAchtanna Aoisliúntais 1834 go 2004 agus reachtanna ilghnéitheacha eile; pinsin eisreachtúla, liúntais agus aiscí arna ndámhadh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe; táillí do mholtóirí liachta agus táillí ócáideacha do dhochtúirí; cúiteamh agus íocaíochtaí eile i ndáil le gortuithe pearsanta; táillí don Bhord Pinsean; íocaíochtaí ilghnéitheacha, s.rl.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €24 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá an ráitear rialaithe airgeadais inmheánaigh don Roinn Airgeadais ábhartha freisin ós rud é go ndéanann sí íocaíochtaí aoisliúntais ar bhonn gníomhaireachta do Vóta 12 go dtí Nollaig 2015. Aistríodh an tseirbhís íocaíochtaí chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte i Mí na Nollag 2015, mar sin de tá an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais do Sheirbhísí Comhroinnte ábhartha freisin.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

9 Márta 2016

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

15 Lúnasa 2016

# Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir

## Cuntas Leithreasa 2015

| | | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | | |
| A | Aoisliúntas agus liúntais scoir | | | | | |
| | *Bunaidh* | 474,000 | | | | |
| | Forlíontach | 37,000 | | | | |
| | | | 511,000 | | 499,175 | 473,868 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 474,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 37,000 | | | | |
| | | | **511,000** | | **499,175** | **473,868** |
| | *Asbhain* | | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 104,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 20,230 | | | | |
| | | | **124,230** | | **136,404** | **105,129** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 370,000 | | | | |
| | *Forlíontach* | 16,770 | | | | |
| | | | **386,770** | | **362,771** | **368,739** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 23,999,338 | 16,061,215 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2015

Níl an nóta seo bainteach. Bhí costais riaracháin an Vóta seo le híoc ag Vóta 7 – Oifig an Aire Airgeadais, go dtí gur aistríodh an próiseas íocaíochtaí go dtí Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte i mí na Nollag 2015. Tá na costais a bhaineann le ceapadh an bheartais aoisliúntais le híoc ag Vóta 11 - Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015<br>€000 | 2014<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.3 | 106 | 22,620 |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 33,285 | (14,102) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **33,391** | **8,518** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 12,858 | 8,590 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.5 | 20,533 | (72) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **33,391** | **8,518** |
| **Glansócmhainní reatha** | | — | — |
| **Glansócmhainní** | | — | — |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | — | — |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2015** | **2014** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | — | — |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 386,770 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (23,999) | | |
| Vóta glan | | | 362,771 | 368,739 |
| Costas glan clár | | | (362,771) | (368,739) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | — | — |

| **2.2 Banc agus Airgead Tirim** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 33,155 | (14,327) |
| Iarmhéid cuntas bainc thráchtála | 130 | 225 |
| | 33,285 | (14,102) |

| **2.3 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Pinsin in-fhorchúitithe dlite ag ranna eile | 106 | 17 |
| Nithe Fionraí Fiachais Eile | — | 22,603 |
| | 106 | 22,620 |

| **2.4 Iarmhéideanna Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Suim atá dlite don Stát | | |
| Cáin ioncaim | 7,895 | 5,051 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 2,645 | 1,950 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 103 | 116 |
| | 10,643 | 7,117 |
| Asbhaintí pinsin deonacha coinnithe ar fionraí | — | 13 |
| Nithe Fionraí Creidmheasa Eile | 2,215 | 1,460 |
| | 12,858 | 8,590 |

| **2.5 An Glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 23,999 | 16,061 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (3,466) | (16,133) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 20,533 | (72) |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 106 | 22,620 |
| Banc agus airgead tirim | 33,285 | (14,102) |
| | 33,391 | 8,518 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (10,643) | (7,117) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (2,215) | (1,473) |
| | (12,858) | (8,590) |
| | 20,533 | (72) |

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar measta | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Aoisliúntas agus Liúntais Scoir** | | | | | |
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 342,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 14,000 | 356,000 | 353,859 | 323,985 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 40,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,700 | 42,200 | 42,005 | 40,832 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 800 | | | |
| | | *Forlíontach* | (60) | 740 | 725 | 772 |
| A.4 | Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 66,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 22,669 | 88,669 | 80,267 | 83,328 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 23,190 | | | |
| | | *Forlíontach* | (490) | 22,700 | 21,687 | 24,506 |
| A.6 | Deontas gortaithe agus táillí leighis | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 400 | | | |
| | | *Forlíontach* | 40 | 440 | 380 | 339 |
| A.7 | Táillí don Bhord Pinsean | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 55 | | | |
| | | *Forlíontach* | 41 | 96 | 96 | 54 |
| A.8 | Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúthaithe Cánacha 1997 | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (900) | 100 | 101 | — |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | | | 55 | 55 | 52 |
| | | | | 511,000 | 499,175 | 473,868 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €11.8 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Fo-theideal | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 2,141 | Bíonn tionchar ag na líonta a thagann isteach sa scéim agus a fhágann í agus ag an meascán grád ar an gcaiteachas san fhotheideal seo agus d'fhéadfadh siad sin ar fad athrú ó bhliain go chéile. Dá bhrí sin, tá sé deacair caiteachas ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile a thuar. Bhí an meastachán bunaidh bunaithe ar an toimhde go mbeadh 14,200 duine ar phárolla A1 ag deireadh na bliana. Ag an tráth a ullmhaíodh an meastachán forlíontach agus bunaithe ar an taithí go dtí sin, rinneadh an meastachán sin a athbhreithniú suas go meastachán 14,530 ag deireadh na bliana. Ach bhí líon iarbhír na bpinsinéirí ag deireadh na bliana níos ísle ag 14,428. |
| Aiscí agus liúntais bhreise maidir le hoifigigh bhunaithe agus íocaíochtaí maidir le seirbhís aistrithe | 8,402 | Bíonn tionchar ag na líonta a thagann isteach sa scéim agus a fhágann í agus ag an meascán grád ar an gcaiteachas san fhotheideal seo agus d'fhéadfadh siad sin ar fad athrú ó bhliain go chéile. Dá bhrí sin, tá sé deacair caiteachas ó bhliain amháin go dtí an chéad cheann eile a thuar. Bhí an meastachán bunaidh bunaithe ar 950 scor a rabhthas ag súil leo le haghaidh 2015. Ag an tráth a ullmhaíodh an meastachán forlíontach, scoir thart ar 1,050 duine cheana agus mar sin méadaíodh an líon iomlán a rabhthas ag súil leis don bhliain go dtí 1,200 scor. Ag deireadh na bliana, bhí líon iarbhír na scor (1,174) ag teacht go mór leis an meastachán athbhreithnithe. Mar sin féin, bhí an mheán-chnapshuime a íocadh thart ar €4,000 ní b'ísle ná an méid a úsáideadh do ríomh an mheastacháin i ngeall ar athrú ar an meascán grád. Bhí soláthar sa mheastachán chomh maith maidir le teagmhas stuama, nár theastaigh sa chás sin. |
| Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 1,013 | Tá an t-athrúchán inchurtha go hiomlán beagnach i leith mhéid na gcnapshuimeanna a íocadh le hoifigigh neamhbhunaithe in 2015. Ba é €5.1 milliún an chnapshuim a bhí measta, ach íocadh €4 mhilliún don bhliain. Faoi mar atá an gcás don scéim bhunaithe, tá an méid a íoctar maidir le hiomlán na gcnapshuimeanna neamhbhunaithe i mbliain ar bith go háirithe íogair do líon na ndaoine atá ar scor agus dá ghrád. |

| **Fo-theideal** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Íocaíochtaí maidir le dliteanas faoi Chaibidil 2C den Acht Comhdhlúthaithe Cánacha 1997 | (1) | Déantar foráil san Acht Airgeadais (Uimh 2) 2013 go bhféadfaí daoine aonair a thagann chun bheith faoi dhliteanas as cáin ioncaim “barrachais inmhuirir” rogha a dhéanamh barrachas inmhuirir ar bith a aisíoc thart thréimhse iar-scoir suas le 20 bliain, ach ní mór do riarthóir an phinsin an méid iomlán atá dlite a íoc leis an Ard-Bhailitheoir laistigh de 3 mhí de scor an duine. Nuair a tharlaíonn , sé sin taispeántar é mar mhuirear faoin bhfotheideal seo. Bhí meastachán bunaidh 2015 de €1 mhilliún bunaithe ar ocht státseirbhíseach ar thuarastal níos airde a raibh a gceart á fheidhmiú acu chun muirear dá leithéid a chruthú don Vóta. Ba é an taithí iarbhír in 2015 gur roghnaigh pinsinéir amháin méid dar luach €101,175 a iarchur. Íocadh é sin amach as airgead Vótáilte agus déanfar é a aisíoc thar thréimhse 20 bliain. Má roghnaíonn an duine aonair a ndliteanas a íoc láithreach ní bheidh muirear ar bith ar an Vóta, agus ba é sin an cás go deimhin le dhá phinsinéir eile le linn na bliana |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Fáltas faoi Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúite) 1993 (Uimh. 38 de 1993) maidir le dliteanas pinsin na foirne | | 28,000 | 28,000 | 28,000 |
| 2 | Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, s.rl | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (300) | 1,700 | 2,149 | 2,498 |
| 3 | Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhíseach agus daoine eile | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (100) | 17,900 | 19,739 | 20,021 |
| 4 | Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) | | | | |
| | *Bunaidh* | 25,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,000 | 26,000 | 29,872 | 28,455 |
| 5 | Aisíocaíocht aiscí, s.rl. | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,300 | | | |
| | *Forlíontach* | (620) | 680 | 851 | 1,312 |
| 6 | Ceannach meas-seirbhíse | | | | |
| | *Bunaidh* | 4,600 | | | |
| | *Forlíontach* | (250) | 4,350 | 4,816 | 5,484 |
| 7 | Ranníocaíochtaí scéime aonair | | | | |
| | *Bunaidh* | 25,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 20,500 | 45,500 | 50,874 | 17,958 |
| 8 | Ilghnéitheach | | 100 | 103 | 1,401 |
| | **Iomlán** | | **124,230** | **136,404** | **105,129** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais maidir le dliteanas pinsin na mball foirne ar iasacht, s.rl | (449) | Tá sé deacair an líon baill foirne a bheidh ar iasacht ó bhliain go chéile a thuar. |
| Ranníocaíochtaí le scéim pinsin céilí agus leanaí le haghaidh státsheirbhíseach agus daoine eile | (1,839) | Athróidh ranníocaíochtaí de réir athruithe ar an bhfoireann ar fud na seirbhíse agus dá bhrí sin tá siad deacair le tuar. Socraíodh é sin le comhuainiú na bhfáltas airgid thirim – fuarthas cion ní bha mhó fáltas sa mhí dheiridh ná mar a fuarthas i mblianta roimhe sin. |
| Fáltais maidir leis an scéim ranníocach a tionscnaíodh do státsheirbhísigh bunaithe a ceapadh ar, agus tar éis, 6 Aibreán 1995 (Ciorclán 6/95) | (3,872) | Athróidh ranníocaíochtaí de réir athruithe ar an bhfoireann ar fud na seirbhíse agus dá bhrí sin tá siad deacair le tuar. Baineann ceisteanna comhuainithe chomh maith i ndáil leis an bhfotheideal seo – fuarthas cion ní ba mhó fáltas sa mhí dheiridh ná mar a fuarthas i mblianta roimhe sin. |
| Aisíocaíocht aiscí, s.rl. | (171) | Tá sé deacair líon na n-aiscí a n-aisíocfar i mbliain amháin ar bith a thuar. |
| Ceannach meas-seirbhíse | (466) | Tá ceannach na seirbhíse barúlaí faoi na hoifigigh iad féin, agus dá bhrí sin tá sé deacair fáltais ar an bhfotheideal seo a thuar go beacht. |
| Ranníocaíochtaí scéime aonair | (5,374) | Cuireadh Scéim Aonair na Seirbhíse Poiblí i bhfeidhm do gach iontrálaí úr sa tseirbhís phoiblí ó mí Eanáir 2013 i leith. An méid a cuireadh chun sochair an Vóta agus na ranníocaíochtaí a rinne gach fostaí úr sa tseirbhís phoiblí sa bhliain. Cé go bhfuil dearmad lárnach ann maidir le líon iomlán fhostaithe na seirbhíse poiblí, déantar líon na n-iontrálaithe, comhuainiú a rannpháirtíochta agus an grád agus an leibhéal ina bhfuil siad fostaithe sna hearnálacha aonair i mbliain ar bith a bhainistiú sna hearnálacha sin agus d'fhéadfadh siad a bheith an-éagsúil, fianaise dó seo is ea gur sáraíodh an bunmheastachán de €25 milliún faoi shuim ar luach €26 milliún. Cuireadh tús in 2016 le mórthionscadal chun an tsamhail oibriúcháin foistine barrfheabhais don Scéim Aonair a mheasúnú agus a mholadh. |

# 5 Líon na bhFostaithe agus na bPinsinéirí

### 5.1 Foireann

Íoctar gach ball foirne atá á fhostú do riar agus d'íocaíocht an aoisliúntais a dhéantar a mhuirearú chuig an Vóta seo ó Vóta 7 – déantar Oifig an Aire Airgeadais go dtí aistriú an ailt ábhartha chuig Vóta 18 – Seirbhísí Comhroinnte i Mí na Nollag 2015 agus baill fhoirne a bhíonn ag gabháil do cheapadh beartais aoisliúntais a mhuirearú go Vóta 11 – Oifig an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 5.2 Pinsinéirí

Leagtar amach thíos anailís den líon iomlán pinsinéirí in íocaíocht de réir ceannteideal ag deireadh na bliana.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| A.1 | Liúntais aoisliúntais, liúntais chúitimh, pinsin agus liúntais áirithe leanaí | 14,428 | 13,633 |
| A.2 | Íocaíochtaí faoi na scéimeanna pinsin ranníocacha do chéilí agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 2,783 | 2,781 |
| A.3 | Pinsin ex-gratia do bhaintreacha agus leanaí státseirbhíseach, baill na breithiúna agus oifigigh na cúirte | 44 | 37 |
| A.5 | Pinsin, liúntais agus aiscí maidir le hoifigigh neamhbhunaithe agus a gcéilí agus leanaí agus pinsin agus íocaíochtaí eile maidir le seirbhís aistrithe | 4,614 | 4,674 |
| A.9 | Dliteanais phinsin iarchomhlachtaí seirbhíse poiblí atá iníoctha faoi reacht | 3 | 3 |
| | | 21,872 | 21,128 |

### 5.3 Seirbhísí Gníomhaireachta um Íocaíocht Pinsean

Déanann an Roinn (Vóta 12) íocaíochtaí pinsin, ar bhonn gníomhaireachta, le hiarbhaill foirne de chuid na gcomhlachtaí atá leagtha amach thíos

| Ainm an chomhlachta | Líon na bpinsinéirí | Oll-luach (in aghaidh na bliana) €m |
|---|---|---|
| Pinsin Choiste Gairmoideachais/Institiúidí Teicneolaíochta/Bhoird Oideachais agus Oiliúna | 9,206 | 253 |
| Pinsin Fás/Solas | 1,608 | 31 |

Tá na méideanna á ngearradh ar an Vóta do An Roinn Oideachais agus Scileanna (Vóta 26)

### 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana agus €257,832 (81 cás) (2014: €4,450). Tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm i ndáil le €257,722 as sin (80 chás).

### 5.5 Scaoilíocaíochtaí

Íocadh scaoilíocaíochtaí ar luach iomlán €299,072 do thriúr státseirbhíseach i 2015 faoi scéim ar cuireadh deireadh léi do cheapaithe nua i Mí na Samhna 2011.

## 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Lacáistiú Pinsean

Forálann Acht na bPinsean (Laghdú) 1965 agus an tAcht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012 go ndéantar pinsin na státseirbhíseach atá coinnithe nó athfhostaithe tar éis na gnáthaoise scoir a laghdú de réir mar is gá lena chinntiú nach sáraíonn a bpá iomlán sa tréimhse coinnithe nó athfhostaithe an luach saothair a gheobhaidís dá bhfanfadh siad sna poist a bhí acu ar an lá deiridh dá gcuid seirbhíse inríofa. Forálann an reachtaíochtfreisin go bhféadfaí laghduithe dá leithéid a tharscaoileadh de rogha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

In 2015, laghdaíodh pinsin ocht státseirbhíseach déag atá ar scor go hiomlán nó i bpáirt. Ba é €106,097 an méid iomlán a laghdaíodh in 2015.